

An Bhruiséil, 14 Iúil 2026
(OR. en)

11947/26

RC 16
COMER 115
MI 785

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 368 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú Rialachán (AE) 2022/2560 an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, i gcomhréir le hAirteagal 52(2) de

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 368 final.

Faoi iamh: COM(2026) 368 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2026
COM(2026) 368 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú Rialachán (AE) 2022/2560 an 14 Nollaig
2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, i
gcomhréir le hAirteagal 52(2) de**

{SWD(2026) 183 final}

1. RÉAMHRÁ

Glacadh Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach ⁽¹⁾ ('RFE' [an Rialachán um Fhóirdheontais Eachtracha]) chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh sa mhargadh inmheánach de dheasca fóirdheontais arna ndeonú ag tríú tíortha do ghnóthais atá i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach (an 'tAontas'). Féachann RFE le cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach trí é a chur ar a chumas don Choimisiún Eorpach (an 'Coimisiún') fóirdheontais eachtracha shaobhacha a shainaithint, a mheasúnú agus, i gcás inar gá, a shásamh.

Sular glacadh RFE, bhí gnóthais atá gníomhach san Aontas in ann gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach a mhaoiniú le fóirdheontais arna ndeonú ag tríú tíortha. Bhain sé sin le haon earnáil den gheilleagar agus áiríodh leis, *inter alia*, rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí, gnóthais a fháil, nó gabháil d'aon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile san Aontas. Ní raibh fóirdheontais eachtracha den sórt sin faoi réir rialacha an Aontais maidir le stáitchabhair. Ní raibh aon sásra i gcreat dlíthiúil an Aontais chun dul i ngleic leis an saobhadh a eascraíonn as na fóirdheontais eachtracha sin ar an margadh inmheánach, ós rud é nach bhfuil feidhm ag na sásraí cosanta trádála traidisiúnta ach amháin maidir le hallmhairí earraí trádáilte. Ceapadh RFE mar ionstraim chothrománach lena gcomhlánaítear rialacha an Aontais atá ann cheana maidir le cumasc, in aghaidh trustaí, stáitchabhair, soláthair phoiblí agus beartas trádála, agus é mar chuspóir aici iomaíocht chóir agus sláine an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú.

Tá RFE bunaithe ar phrionsabail neamh-idirdhealaitheacha agus ar chritéir oibiachtúla. Cumhdaítear leis gach earnáil agus gníomhaíocht eacnamaíoch agus spriocdhírítear leis ar shaobhadh arb é aon fhóirdheontas eachtrach sa mhargadh inmheánach is cúis leis. Tá feidhm ag RFE agus lánurraim á tabhairt d'oibleagáidí idirnáisiúnta. Cé go bhfuil an Coimisiún tiomanta i gcónaí d'idirphlé cuiditheach agus do chomhar le húdaráis tríú tíortha agus le hoibreoirí eacnamaíocha, leanfaidh sé d'úsáid a bhaint as na huirlisí imscrúdaitheacha agus nós imeachta uile atá ar fáil faoi RFE chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach é agus chun cothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach a choimirciú.

Is é is cuspóir don Tuarascáil seo torthaí an chéad athbhreithnithe ar RFE a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Ullmhaítear an Tuarascáil seo de bhun Airteagal 52(2) RFE, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann sé RFE a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, go háirithe cur i bhfeidhm Airteagail 4, 5, 6 agus 9, agus na tairseacha fógartha a leagtar amach in Airteagal 20(3), agus Airteagal 28(1) agus (2) RFE. I gcomhthéacs a athbhreithnithe, ba cheart go dtuairisceodh an Coimisiún ar fhorbairtí sa chaidreamh idirnáisiúnta a bhaineann le córais rialaithe fóirdheontais tríú tíortha.

Tháinig RFE i bhfeidhm an 13 Eanáir 2023 agus tháinig sé chun bheith infheidhme ón 13 Iúil 2023. Tháinig an oibleagáid fógra *ex ante* a thabhairt le haghaidh comhchruinnithe, de bhun Airteagal 21 RFE agus nósanna imeachta soláthair phoiblí, de bhun Airteagal 28 RFE, chun bheith infheidhme ón 13 Deireadh Fómhair 2023. Dá bhrí sin, cumhdaítear sa Tuarascáil seo an tréimhse tosaigh 3 bliana i gcur chun feidhme agus i bhforfheidhmiú RFE.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, IO L 330, 23.12.2022, lgh. 1–45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2560/oj>

Is é an Coimisiún amháin a fhorfheidhmíonn RFE. Tá an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht (AS COMP) freagrach as RFE a chur i bhfeidhm i ndáil le comhchruinnithe agus as úsáid ghinearálta an tsásra imscrúdaithe *ex officio*. Tá an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (AS GROW) freagrach as RFE a chur i bhfeidhm i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí agus as sásra imscrúdaitheach *ex officio* atá nasctha le nósanna imeachta soláthair phoiblí agus cineálacha comhchosúla caiteachais phoiblí a úsáid. Léiríonn roinnt na bhfreagrachtaí sin taithí na seirbhísí faoi seach maidir le forfheidhmiú iomaíochta agus soláthar poiblí agus tacaíonn sí le cur i bhfeidhm comhleanúnach RFE.

Tá athbhreithniú an Choimisiúin ar laethanta tosaigh chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú RFE bunaithe ar mheascán d'fhianaise cháilíochtúil agus chainníochtúil, lena n-áirítear faisnéis a fuarthas tríd an Staidéar Athbhreithnithe ar RFE, arna dhéanamh ag conraitheoir seachtrach⁽²⁾. Cuirtear san áireamh san athbhreithniú freisin na haighneachtaí ar an gcleachtadh comhairliúcháin phoiblí a rinne an Coimisiún (comhairliúchán poiblí spriocdhírithe, ceistneoir poiblí lena lorgaítear aiseolas sonrach i ndáil le cur chun feidhme RFE, agus glao ar fhianaise)⁽³⁾ chomh maith le hathbhreithniú inmheánach an Choimisiúin ar a chleachtas.

Ar an iomlán, léiríonn laethanta tosaigh chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú RFE go bhfuil an ionstraim oiriúnach don fheidhm agus go rannchuidíonn sí lena cuspóir cothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach a chaomhnú. Ar thaobh na bhfógraí *ex ante* maidir le comhchruinnithe agus na soláthairtí poiblí, tá roinnt grinn-imscrúduithe RFE seolta ag an gCoimisiún cheana féin, ar tugadh cuid acu i gcrích le gealltanais a thairg na páirtithe chun aghaidh a thabhairt ar an saobhadh a sainaitníodh sa mhargadh inmheánach mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha. Ar an taobh *ex officio*, tá roinnt grinn-imscrúduithe seolta ag an gCoimisiún, atá ar siúl tráth an fhoilsithe, agus d'úsáid sé a chumhachtaí cigireachta chomh maith lena chumhachtaí glao isteach. Aithnítear go forleathan cuspóirí RFE agus tacaítear leo san aiseolas ó pháirtithe leasmhara. Mhaígh páirtithe leasmhara freisin go gcruthaíonn RFE costais dhíríreacha, go háirithe i gcomhthéacs na nósanna imeachta um fhógraí *ex ante*. D'iarr siad go ndéanfaí na rialacha a shimpliú agus go mbeadh deimhneacht dhlíthiúil níos fearr ann maidir le coincheapa áirithe RFE.

Tá tuilleadh sonraí ón athbhreithniú sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

2. TORTHAÍ AN ATHBHREITHNITHE

2.1. Cur chun feidhme luath RFE agus gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun treoraíocht a sholáthar do pháirtithe leasmhara

2.1.1. Gníomhaíochtaí an Choimisiúin

An 10 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun RFE ('Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha'). Leagtar amach san Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha freisin foirmeacha a

⁽²⁾ [Creatchonradh Iolrach Measctha chun Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Staidéir a Sholáthar i gComhthéacs Imscrúduithe agus Forfheidhmithe a bhaineann le Fóirdheontais Eachtracha \(COMP/2023/OP/0017\).](#)

⁽³⁾ Tuarascáil achomair ar an gComhairliúchán Poiblí maidir le Tuarascáil Athbhreithnithe RFE, ar fáil ag tairseach Cloisimis uait ag [Tuarascáil Athbhreithnithe ar Fhóirdheontais Eachtracha - comhairliúchán poiblí](#).

ghabhann le fógraí *ex ante* RFE chuig an gCoimisiún ⁽⁴⁾. Le Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus leis na foirmeacha a ghabhann leis, bhíothas in ann na nósanna imeachta forfheidhmiúcháin atá bunaithe ar fhógraí a chur i bhfeidhm go tapa.

Ó tháinig RFE i bhfeidhm, tá céimeanna iomadúla glactha ag an gCoimisiún chun tuilleadh trédhearcachta agus treoraíochta a sholáthar do pháirtithe leasmhara, mar a leagtar amach i dtéarmaí sonracha thíos.

I mí Iúil 2024, bliain tar éis thús teacht i bhfeidhm RFE, foilsíodh Doiciméad Inmheánach Oibre ina dtugtar soiléirithe tosaigh maidir le príomhchoincheapa faoi RFE ⁽⁵⁾. Áiríodh i ngnéithe an doiciméid tásca tosaigh maidir le léirmhíniú choincheapa substainteacha RFE agus, go háirithe, tosca atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh, agus an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm sa tástáil chothromúcháin.

Tugann ranna an Choimisiúin sraith ceisteanna agus freagraí ('C&Fanna RFE') tiomnaithe RFE cothrom le dáta go tráthrialta ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ⁽⁶⁾. Tugann na nuashonruithe sin aghaidh ar shaincheisteacha a thagann chun cinn arís agus arís eile sa chleachtas. Soláthraíonn siad treoraíocht bhreise maidir le raon topaicí, lena n-áirítear gnéithe nós imeachta agus dlínse (amhail oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt, eisceachtaí faoin Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ríomhanna tairisí, agus ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais).

I mí Eanáir 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún Treoirlínte RFE, ar cloch mhíle thábhachtach iad maidir le hintuarthacht agus trédhearcacht a fheabhsú do pháirtithe leasmhara ⁽⁷⁾. Áirítear i dTreoirlínte RFE treoraíocht do pháirtithe leasmhara maidir leis an measúnú ar shaobhadh sa mhargadh inmheánach de bharr fóirdheontais eachtracha, an tástáil chothromúcháin, agus cumhachtaí glao isteach an Choimisiúin le haghaidh comhchruinnithe nó nósanna imeachta soláthair phoiblí a thiteann faoi bhun na dtairseach bunaithe.

Ar deireadh, foilsíonn an Coimisiún faisnéis go tráthrialta maidir le cásanna, leaganacha neamhrúnda dá chinntí lena dtugtar grinn-imscrúduithe RFE i gcrích (chomh maith le hachóimre ar na cinntí chun grinn-imscrúduithe a thionscnamh) agus mionteagaisc tiomnaithe RFE maidir le forbairtí sonracha beartais (amhail na chéad 100 lá

⁽⁴⁾ Baineann Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha leis an bhFoirm FS-CO a bhaineann le fógra a thabhairt faoi chomhchruinniú de bhun RFE agus baineann Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha leis an bhFoirm FS-PP a bhaineann le fógra a thabhairt i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí de bhun RFE. Bhain an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha freisin leis na rialacha maidir le rochtain ar chomhdú agus láimhseáil faisnéise rúnda, ceanglais trédhearcachta, rialacha maidir le teorainneacha ama a ríomh, agus próiseas imscrúdúcháin an Choimisiúin, lena n-áirítear mionsonraí nós imeachta chun gealltanais ón ngnóthas atá faoi imscrúdú a mholadh.

⁽⁵⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – [Soiléirithe tosaigh ar chur i bhfeidhm Airteagal 4\(1\), Airteagal 6 agus Airteagal 27\(1\) de Rialachán \(AE\) 2022/2560 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach](#), SWD(2024) 201 final.

⁽⁶⁾ Suíomh gréasáin AS COMP – [C&Fanna RFE](#).

⁽⁶⁾ Suíomh gréasáin AS GROW – [C&Fanna RFE](#).

⁽⁷⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún – [Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán \(AE\) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach](#), C(2026) 42 final.

d'fhorfheidhmiú RFE⁽⁸⁾, Treoirlínte RFE⁽⁹⁾) agus a chleachtas cáis (amhail an mionteagasc maidir leis an gcéad chinneadh críochnaitheach le gealltanais arna nglacadh faoin gcaibidil maidir le comhchruinniú de RFE i gcás FS.100011)⁽¹⁰⁾. Ina theannta sin, i gcás imeachtaí comhchruinnithe, tá Clárlann thiomnaithe RFE ag AS COMP, lena bhfeabhsaítear trédhearcacht, agus lena gcuirtear an pobal ar an eolas faoi chásanna comhchruinnithe RFE atá ar siúl faoi láthair, tar éis dóibh fógra foirmiúil a thabhairt ina leith⁽¹¹⁾.

Téann ranna an Choimisiúin i dteagmháil leis na Ballstáit freisin trí líonra tiomnaithe de phointí teagmhála náisiúnta agus de ghrúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin, chomh maith le páirtithe leasmhara amhail dlíodóirí agus comhlachais ghnó trí chomhdhálacha maidir le saincheistanna éagsúla a bhaineann le RFE, rud a thugann tuilleadh soiléireachta maidir lena chleachtas.

2.1.2. *Torthaí an athbhreithnithe*

Ba dhíol sásaimh iad gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun treoraíocht bhreise a sholáthar maidir le RFE agus measadh gur gníomhaíochtaí dearfacha iad. San athbhreithniú, áfach, cuirtear réimsí i dtábhacht ina measann páirtithe leasmhara go bhfuil gá le deimhneacht dhlíthiúil níos airde, go háirithe le haghaidh roinnt coincheap substainteach RFE agus cur i bhfeidhm an chreata anailísigh i gcásanna aonair. Seo thíos roinnt samplaí sonracha.

Maidir le coincheap na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais ('REAnna') ó údarais tríú tíortha faoi Airteagal 3 RFE, aithníonn páirtithe leasmhara go bhfuil gá le sainmhíniú leathan ar REAnna, lena bhféadfaí raon leathan beart a chuimsiú chun fóirdheontais a d'fhéadfadh a bheith saobhach a bhrath. Léirítear san aiseolas freisin, áfach, gur dúshlán é coincheap leathan REA nuair is gá do ghnóthais faisnéis ábhartha REA a bhailiú ar fud dlínsí éagsúla agus raon feidhme a n-intuarascála a chinneadh chun críoch a bhfógraí *ex ante* faoi RFE.

Maidir leis an measúnú ar shaobhadh faoi Airteagal 4 RFE, tuairiscíonn páirtithe leasmhara deacrachtaí maidir leis an gcaoi a gcuirtear an coincheap i bhfeidhm i gcásanna aonair a thuar. Luaitear an corpas teoranta de chleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin tráth na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin agus an Tuarascáil á hullmhú mar thoisc a chuireann leis an éiginnteacht sin.

Maidir leis na fóirdheontais eachtracha is dóichí a shaobhfaidh an margadh inmheánach, faoi Airteagal 5 RFE, tugann páirtithe leasmhara dá n-aire, cé go meastar gur táscaire úsáideach iad sin, go bhfuil roinnt éiginnteachta fós ann maidir leis na fóirdheontais '*lena n-éascaítear comhchruinniú go díreach*' nó lena gcumasaítear '*tairiscintí a bhfuil buntáiste míchuí ag baint leo*' a thíolacadh.

Maidir leis an tástáil chothromúcháin faoi Airteagal 6 RFE, is díol sásaimh do na páirtithe leasmhara go bhféadfaí an cleachtadh sin a dhéanamh faoi RFE. Meastar, áfach, go bhfuil a ábharthacht phraiticiúil teoranta ós rud é nach bhfuil samplaí ann go fóill den chaoi a gcuirfeadh an Coimisiún an tástáil i bhfeidhm sa chleachtas.

(8) Mionteagasc RFE ar an iomaíocht (Eagrán 1, Feabhra 2024) – [An Rialachán um Fhóirdheontais Eachtracha – 100 lá ó cuireadh tús leis an oibleagáid fógra a thabhairt maidir le comhchruinnithe](#).

(9) Mionteagasc RFE ar an iomaíocht (Eagrán 1, Márta 2026) – [Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Rialacháin um Fhóirdheontais Eachtracha \('Treoirlínte RFE'\) – Léargas a thabhairt ar phríomhchoincheapa](#).

(10) Mionteagasc RFE ar an iomaíocht (Eagrán 1, Nollaig 2025) – [Cás e&/PPF Telecom – Cur isteach ar líne na bhfóirdheontas eachtrach chuig an Aontas](#).

(11) Tá AS GROW ag féachaint faoi láthair ar fhéidearthachtaí chun trédhearcacht imeachtaí le haghaidh soláthar poiblí a mhéadú agus rúndacht nósanna imeachta soláthair poiblí náisiúnta á háirithiú an tráth céanna.

2.2. Léiríonn forfheidhmiú luath RFE go bhfuil an ionstraim oiriúnach don fheidhm

Forfheidhmíonn an Coimisiún RFE trí thrí phríomhnós imeachta:

- a) **Fógra fionraíoch *ex ante* le haghaidh comhchruinnithe** ina bhfuil ar a laghad ceann amháin de na gnóthais atá i mbun cumaisc, an gnóthas a fuarthas, nó an comhfhiontar bunaithe san Aontas agus ina ngineann sé láimhdeachas comhiomlán EUR 500 milliún ar a laghad san Aontas agus ina raibh na REAnna comhiomlána a fuair na páirtithe sa chomhchruinniú níos mó ná EUR 50 milliún sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas urlámhais a fháil;
- b) **Fógra fionraíoch *ex ante* le haghaidh nósanna imeachta soláthair phoiblí** inarb é EUR 250 milliún ar a laghad luach measta an chonartha – nó EUR 125 mhilliún le haghaidh soláthairtí poiblí luchtógbhunaithe, agus ina raibh REAnna comhcheangailte an pháirtí tairisceana agus a phríomh-fhochonraitheoirí nó a phríomh-sholáthróirí EUR 4 mhilliún ar a laghad sna 3 bliana roimh an bhfógra. I gcásanna ina bhfuil na páirtithe sa soláthar poiblí faoi bhun thairseach REA EUR 4 mhilliún, ní mór do na páirtithe dearbhú a chomhdú fós.
- c) **Nós imeachta *ex officio*** chun imscrúdú a dhéanamh ar gach cás eile sa mhargadh, inar féidir leis an gCoimisiún imscrúdú a thionscnamh ar a thionscnamh féin.

Ar an iomlán, léirítear san athbhreithniú ar fhorfheidhmiú luath RFE go bhfuil an ionstraim oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sí ag feidhmiú go maith sa chleachtas. Aithnítear an Rialachán mar uirlis éifeachtach lena dtugtar aghaidh ar an mbearna rialála a bhí ann sular glacadh é. Ina theannta sin, meastar go bhfuil an cuspóir cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach dlisteanach agus comhréireach. Tá dul chun cinn leanúnach déanta ag forfheidhmiú RFE ó thús a chur i bhfeidhm, agus tá taithí luachmhar faighte ag an gCoimisiún maidir lena fhorálacha substainteacha agus nós imeachta a chur i bhfeidhm.

2.2.1. *Imscrúduithe ex officio RFE*

2.2.1.1. Faisnéis faoi chásanna

Déanann an Coimisiún measúnú leanúnach ar cé acu atá nó nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt le himscrúdú *ex officio* a sheoladh, bunaithe ar a anailís féin, ar fhaisnéis a fhaightear ó pháirtithe leasmhara agus ar imscrúduithe ar fhaisnéis mhargaidh, de réir mar is infheidhme.

In dhá chás, tráth a bhfoilsithe, thionscain an Coimisiún grinn-imscrúduithe, de bhun Airteagal 10(3) RFE:

- a) **Cás FS.100068 – Nuctech** – an 11 Nollaig 2025, thionscain an Coimisiún grinn-imscrúdú, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a thairbhígh nó nár thairbhígh gníomhaíochtaí Nuctech i dtáirgeadh agus i ndíol córas braite bagairtí agus i soláthar seirbhísí gaolmhara san Aontas d'fhóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a shaobhadh. Is i bhfoirm deontas agus bearta cánach agus maoiniú fabhrach a bhíonn na fóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar staid iomaíochta Nuctech sa mhargadh

inmheánach agus a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh d'iomaíocht ⁽¹²⁾. Tionscnaíodh an cás i mí Aibreáin 2024 nuair a glacadh cinneadh lena gceanglaítear ar Nuctech dul faoi chigireachtaí de bhun Airteagal 14(3) RFE (an 'Cinneadh Cigireachta').

- b) **Cás FS.100143 – Goldwind** – an 3 Feabhra 2026, thionscain an Coimisiún grinn-imscrúdú chun measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Goldwind i dtáirgeadh agus i ndíol tuirbíní gaoithe agus i soláthar seirbhísí gaolmhara laistigh den Aontas Eorpach. Áirítear ar na fóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith ann deontas, bearta fabhracha cánach, agus maoiniú fabhrach i bhfoirm iasachtaí. Tá réamh-ímní ar an gCoimisiún go bhféadfadh sé gur chuir na fóirdheontais eachtracha sin feabhas ar staid iomaíochta Goldwind sa mhargadh inmheánach agus go bhféadfadh siad difear diúltach a dhéanamh d'iomaíocht ⁽¹³⁾.

2.2.1.2. Athbhreithniú ag Cúirteanna an Aontais

I gcomhthéacs imscrúduithe *ex officio*, tá roinnt gníomhartha imscrúdaitheacha de chuid an Choimisiúin faoi réir athbhreithniú ag Cúirteanna an Aontais:

- a) **Cás T-284/24 – Nuctech** – i mí na Bealtaine 2024, thionscain Nuctech caingean le haghaidh neamhniú os comhair na Cúirte Ginearálta i gcoinne Chinneadh Cigireachta an Choimisiúin⁽¹⁴⁾. An tráth céanna, rinne Nuctech iarratas ar bhearta idirlinne freisin, agus é ag iarraidh Cinneadh Cigireachta an Choimisiúin a chur ar fionraí go dtí go mbeidh toradh ar na príomhimeachtaí⁽¹⁵⁾. I mí Lúnasa 2024, dhiúltaigh Uachtarán na Cúirte Ginearálta don iarratas ar bhearta idirlinne⁽¹⁶⁾, rud a dheimhnigh Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais ar achomharc i mí an Mhárta 2025⁽¹⁷⁾. Tráth foilsithe na Tuarascála seo, tá na himeachtaí a bhaineann leis an gcaingean le haghaidh neamhniú an Chinnidh Cigireachta fós ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta.
- b) **Cás T-335/26 – Goldwind** – i mí na Bealtaine 2026, thionscain Goldwind caingean le haghaidh neamhniú os comhair na Cúirte Ginearálta chun agóid a dhéanamh i gcoinne iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis⁽¹⁸⁾ agus d'iarr sé bearta idirlinne chun é a chur ar fionraí⁽¹⁹⁾. Seoladh an iarraidh ar fhaisnéis mar chuid den ghrinn-imscrúdú ar ghníomhaíochtaí Goldwind in earnáil gaoithe an Aontais i gCás FS.100143. Tráth an fhoilsithe, tá na himeachtaí a bhaineann leis an dá iarratas fós ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta.

⁽¹²⁾ [Fógra Achomair maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcás FS.100068 – NUCTECH de bhun Airteagal 10\(3\)\(d\) de Rialachán \(AE\) 2022/2560](#), IOAE C/2026/545.

⁽¹³⁾ [Fógra achomair maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcás FS.100143 – Goldwind de bhun Airteagal 10\(3\)\(d\) de Rialachán \(AE\) 2022/2560](#), IOAE C/2026/1120.

⁽¹⁴⁾ Cás T-284/24, *Nuctech Warsaw agus Nuctech Netherlands v an Coimisiún*, IO C, C/2024/4107, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/4107/oj>.

⁽¹⁵⁾ Cás T-284/24 R, *Nuctech Warsaw Company Limited Sp. z o.o. agus Nuctech Netherlands BV v an Coimisiún*, ECLI:EU:T:2024:564.

⁽¹⁶⁾ Cás T-284/24 R, Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 12 Lúnasa 2024, IO C, C/2024/5824, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/5824/oj>.

⁽¹⁷⁾ Cás C-720/24 P(R), Ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 21 Márta 2025, ECLI:EU:C:2025:205.

⁽¹⁸⁾ Cás T-335/26, *Goldwind Science & Technology v an Coimisiún*, príomhimeachtaí, iarratas a taisceadh an 29 Bealtaine 2026.

⁽¹⁹⁾ Cás T-335/26 R, *Goldwind Science & Technology v an Coimisiún*, iarratas ar fhaoiseamh eatramhach, a taisceadh an 29 Bealtaine 2026.

2.2.1.3. Torthaí an athbhreithnithe

Leis an nós imeachta *ex officio*, ceadáítear don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith saobhach agus aghaidh a thabhairt orthu, ar fóirdheontais iad a dhéanann difear d'aon staid sa mhargadh agus d'aon ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach. Léiríonn torthaí an athbhreithnithe go bhfeidhmíonn an sásra imscrúdaithe *ex officio* mar a bhí beartaithe agus go soláthraítear leis na forálacha ábhartha creat éifeachtach chun cuspóir RFE a shaothrú maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach.

Cé nach ndéanann na himscrúduithe leanúnacha réamhbhreithiúnas ar a dtorthaí, chuir RFE é ar a chumas don Choimisiún gníomhú ar bhonn tásca leordhóthanacha maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach. In éagmais RFE, ní bheadh an Coimisiún in ann na himscrúduithe sin a dhéanamh agus a mheas an raibh fóirdheontais eachtracha ina gcúis le saobhadh sa mhargadh inmheánach. Léiríonn an t-aiseolas ó pháirtithe leasmhara éiginnteacht a mhéid a bhaineann le fad na n-imscrúduithe *ex officio*. Léiríonn taithí tosaigh fhorfheidhmiú RFE, áfach, go n-athraíonn an fad, agus go dtógann sé níos mó ama, go háirithe i gcásanna ina dtógann na gnóthais atá faoi imscrúdú níos mó ama chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar. I gcásanna áirithe, bíonn tionchar ag na gníomhaíochtaí a tionscnaíodh os comhair Chúirteanna an Aontais ar an amlíne freisin.

2.2.2. Fógra RFE maidir le comhchruinnithe

2.2.2.1. Faisnéis faoi chásanna

Cuireadh tús leis an oibleagáid fógra *ex ante* a thabhairt faoi chomhchruinnithe an 13 Deireadh Fómhair 2023 agus faoin 31 Bealtaine 2026, bhí 273 fhógra fhoirmiúla faighte ag an gCoimisiún. As na cásanna sin, dúnadh 247 díobh tar éis an réamh-athbhreithnithe, tarraingíodh siar ceithre chás le linn chéim an réamh-athbhreithnithe, agus i gcás 19 gcás, bhí an réamh-athbhreithniú fós ar siúl.

I dtrí chás, thionscain an Coimisiún grinn-imscrúduithe:

- a) **Cás FS.100011 – e& / PPF Telecom:** Is éard a bhí i gceist leis an gcás sin éadail PPF Telecom Group (gan a ghnó Seiceach a áireamh), oibreoir teileachumarsáide sa tSeicia, sa Bhulgáir, san Ungáir, sa tSeirbia agus sa tSlóvaic, ag Emirates Telecommunications Group (e&), oibreoir atá bunaithe in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha. Shainaithin an Coimisiún fóirdheontais eachtracha i bhfoirm ráthaíocht stáit neamhtheoranta, deontas, agus iasachtaí, ar suíodh go raibh siad in ann iomaíocht a shaothradh ar leibhéal an eintitis chumaiscthe, tar éis an idirbhirt. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inni sin, gheall na páirtithe deireadh a chur leis an ráthaíocht stáit agus oibleagáidí sealbhaithe ar leithligh a chur chun feidhme idir e& agus gníomhaíochtaí na sprice san Aontas. Foilsítear an leagan deiridh neamhrúnda den chinneadh lena ngabhann gealltanais ar shuíomh gréasáin AS COMP⁽²⁰⁾.
- b) **Cás FS.100156 – ADNOC / Covestro:** Bhain an cás sin le héadail Covestro, táirgeoir ceimiceán Gearmánach, ag Abu Dhabi National Oil Company (ADNOC). Chinn an Coimisiún gur chruthaigh fóirdheontais eachtracha, lena n-áirítear ráthaíocht stáit neamhtheoranta do ADNOC agus méadú caipitil ar Covestro,

⁽²⁰⁾ [Cinneadh ón gCoimisiún an 24.9.2024 lena suitear, leis na gealltanais cheangailteacha, nach ndéanann na fóirdheontais eachtracha sa chomhchruinniú an margadh inmheánach a shaothradh \(Cás FS.100011 – e&/PPF Telecom Group\), C\(2024\) 6745 final.](#)

saobhadh sa phróiseas éadála agus sna gníomhaíochtaí iar-éadála araon. Gheall na páirtithe airteagail chomhlachais ADNOC a leasú chun an ráthaíocht stáit a bhaint agus paitinní áirithe Covestro a cheadúnú do rannpháirtithe sa mhargadh. Foilsítear leagan sealadach neamhrúnda den chinneadh lena ngabhann gealltanais ar shuíomh gréasáin AS COMP⁽²¹⁾.

- c) **FS.100253 – JD.COM / CECONOMY:** Baineann an cás seo le héadail CECONOMY AG, miondíoltóir Gearmánach atá speisialaithe i réimse na leictreonaice tomhaltóra agus na bhfearas baile, ag JD.com, cuideachta a bhaineann le grúpa atá lonnaithe sa tSín agus a oibríonn gnó miondíola agus ardán iltaobhach ríomhthráchtála ar líne sa tSín. Le linn an réamh-imscrúdaithe, d'aimsigh an Coimisiún tásca leordhóthanacha maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann margadh inmheánach an Aontais agus an 28 Bealtaine 2026, thionscain sé grinn-imscrúdú. Tráth a fhoilsithe, bhí an grinn-imscrúdú fós ar siúl.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe, níor fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí faoi Airteagal 21(5) RFE chun comhchruinnithe a ghlao isteach atá faoi bhun na dtairseach dlínse.

2.2.2.2. Torthaí an athbhreithnithe

Léiríonn an taithí luath a fuarthas ar nós imeachta RFE um fhógra a thabhairt maidir le comhchruinnithe go bhfuil an ionstraim oiriúnach don fheidhm. Tá príomhthátail an athbhreithnithe leagtha amach thíos.

Sháraigh an líon fógraí (thart ar 100 in aghaidh na bliana) réamh-mheastacháin tosaigh an Choimisiúin (30-40 in aghaidh na bliana, mar a measadh sa mheasúnú tionchair a bhí ag gabháil leis an togra le haghaidh RFE⁽²²⁾). Dhún an Coimisiún thart ar 97 % de na comhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith tar éis an réamh-athbhreithnithe, gan grinn-imscrúdú a thionscnamh. Tá an sciar sin comhsheasmhach le toradh na gcásanna a athbhreithníodh agus a imréitíodh i gCéim I faoi Rialachán (CE) 139/2004 an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú ('RCAE')⁽²³⁾.

Tráth an fhoilsithe, sheol an Coimisiún trí ghrinn-imscrúdú ar chomhchruinnithe, ar formheasadh dhá cheann acu go coinníollach tar éis glacadh le gealltanais ó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh margaidh a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha. Bhí an grinn-imscrúdú i gcomhchruinniú amháin fós ar siúl.

Chuir RFE é ar a chumas don Choimisiún grinnscrúdú a dhéanamh ar chomhchruinnithe, a shainaithint an ann d'fhóirdheontais eachtracha sna comhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saobhadh iarbhir nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saobhadh sa mhargadh inmheánach agus aghaidh a thabhairt orthu tríd an bpróiseas rialála RFE. Léiríonn an dá chás a tugadh chun críche a bhfuil gealltanais ag gabháil leo a thábhachtaí atá RFE chun cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun agus tugann siad le fios d'fhaighteoirí, cé go bhfuil an tAontas fós oscailte d'infheistíocht, go ndéanfar grinnscrúdú

⁽²¹⁾ [Leagan sealadach neamhrúnda de chinneadh ón gCoimisiún an 14.11.2025 maidir lena chinneadh, leis na gealltanais cheangailteacha, nach saobhann na fóirdheontais eachtracha sa chomhchruinniú an margadh inmheánach \(Cás FS.100156 – ADNOC/COVESTRO\), C\(2025\) 7800 final/2.](#)

⁽²²⁾ [Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Measúnú Tionchair a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach](#)

⁽²³⁾ Tá cion na gcásanna a cinneadh a bheith comhoiriúnach i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(b) RCAE gan gealltanais sa chéad chéim d'imscrúdú RCAE le 5 bliana anuas idir 93 % agus 99 % ar bhonn bliantúil de réir staidreamh oifigiúil a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

ar infheistíochtaí den sórt sin maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith ann chun a áirithiú nach bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh acu.

Measann páirtithe leasmhara gur beart soiléir agus iomchuí é an tairseach láimhdeachais ar fud an Aontais chun na hidirbhearta ábhartha a shainaithint. Ba dhíol sásaimh dóibh freisin cur chuige RFE i leith comhfhiontar, ina ríomhtar láimhdeachas bunaithe ar láimhdeachas an chomhfhiontair féin seachas ar láimhdeachas a mháthairchuideachtaí⁽²⁴⁾, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar idirbhearta infhógartha i gcomparáid le RCAE.

Cuireann forfheidhmiú luath i dtábhacht luach na rannpháirtíochtaí réamhfhógra le foirne cáis an Choimisiúin, rud a úsáideann agus a thacaíonn go forleathan na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu. Mhol páirtithe leasmhara foirne cáis as a bhfreagrúlacht, rud a chuir feabhas ar shoiléireacht agus ar éifeachtúlacht sa phróiseas fógartha. Ba dhíol sásaimh do pháirtithe leasmhara freisin na heisceachtaí a bhí ar fáil ó na oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus an fhéidearthacht tarscaoiltí a iarraidh le haghaidh faisnéis áirithe ón gCoimisiún.

Cuirtear i dtábhacht i dtorthaí an athbhreithnithe freisin dhá phríomhábhar imní do pháirtithe leasmhara. Baineann an chéad cheann le bailiú sonraí REA nach mór do ghnóthais a dhéanamh roimh fhógra, a mheasann páirtithe leasmhara a bheith dian ar acmhainní agus a ghabhann faisnéis a d'fhéadfadh, dar leo, gan a bheith ábhartha chun riosca saofa a shainaithint. Baineann an dara hábhar imní le héiginnteacht a mheastar a bheith ann maidir le cumhachtaí an Choimisiúin glao isteach, rud a mheastar a d'fhéadfadh a bheith suaiteach maidir le planáil idirbhirt agus measúnuithe riosca, d'ainneoin sprioc dhlísteanaigh na cumhachta glao isteach comhchruinnithe faoi bhun na tairsí a ghabháil a bhféadfadh fóirdheontais eachtracha shaobhacha a bheith i gceist leo.

2.2.3. *aighneachtaí RFE i nósanna imeachta soláthair phoiblí*

2.2.3.1. Faisnéis faoi chásanna

Faoi Chaibidil 4 RFE, ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha fógra a thabhairt faoi REAnna nó iad a dhearbhu agus na hoibreoirí rannpháirteach i dtairiscintí poiblí móra, go sonrach i gcás inar mó luach measta an chonartha ná EUR 250 milliún nó 125 mhilliún le haghaidh soláthairtí poiblí luchtógbhunaithe agus ina bhfuil REAnna comhiomlána EUR 4 mhilliún ar a laghad in aghaidh an tríú tír faighte ag an oibreoir eacnamaíoch sna 3 bliana roimhe sin.

Ó cuireadh tús leis an oibleagáid fógra a thabhairt an 13 Deireadh Fómhair 2023 agus go dtí an 31 Bealtaine 2026, fuair an Coimisiún 5 150 aighneacht ó oibreoirí eacnamaíocha ar fud 863 nós imeachta soláthair phoiblí, lena n-áirítear 4 293 dhearbhu, 733 fhógra agus 124 réamhfhógra. As na cásanna sin, thionscain an Coimisiún ceithre ghrinn-imscrúdú, a raibh cinneadh críochnaitheach le gealltanais mar thoradh ar cheann amháin acu, agus dúnadh trí chás tar éis do na hoibreoirí eacnamaíocha tarraingt siar as na nósanna imeachta soláthair phoiblí.

- a) **Cás FSP.100147 – Soláthar rothstoic iarnróid sa Bhulgáir** – Thionscain an Coimisiún grinn-imscrúdú an 16 Feabhra 2024 chun a mheas an bhfuair CRRC Qingdao Sifang cuid de ghrúpa CRRC, fiontar Síneach faoi úinéireacht stáit, fóirdheontais eachtracha a chuir é ar a chumas tairiscint a thíolacadh a raibh buntáiste míchuí ag baint léi le haghaidh tionscadal iarnróid de chuid na Bulgáire. An 26 Márta 2024, dúnadh an cás gan cinneadh críochnaitheach a ghlacadh de bhun

⁽²⁴⁾ Meastar gur athróg ionadach níos fearr é láimhdeachas an chomhfhiontair féin le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch neamhspleách, agus ní oibríochtaí cunta amháin.

Airteagal 31 RFE tar éis don oibreoir eacnamaíoch tarraingt siar as an nós imeachta soláthair.

- b) **Cásanna FSP.100151 agus FSP.100154 – Páirc fhótavoltach a dhearadh, a thógáil agus a oibriú sa Rómáin** – Thionscain an Coimisiún dhá ghrinn-imscrúdú an 3 Aibreán 2025 chun a mheas an bhfuair (i) Shanghai Electric UK Ltd. agus Shanghai Electric Hong Kong International Engineering Company, agus (ii) ENEVO Group – LONGi Solar Technologie Consortium fóirdheontais a d'fhéadfadh a bheith saobhach sa nós imeachta soláthair phoiblí oscailte chun páirc fhótavoltach a dhearadh, a thógáil agus a oibriú sa Rómáin. An 7 Meitheamh 2024, dúnadh an dá chás gan cinneadh críochnaitheach a ghlacadh de bhun Airteagal 31 RFE tar éis do na hoibreoirí eacnamaíocha tarraingt siar as an nós imeachta soláthair phoiblí.
- c) **Cás FSP.103117 – Dearadh agus tógáil, feithiclí a fháil, agus seirbhísí cothabhála Líne Vialaite Mheitreo Liospóin sa Phortaingéil** – Rinneadh tairiscint an chuibhreannais faoi stiúir Mota-Engil Engenharia e Construção, S.A. ('Mota-Engil') a imréiteach go coinníollach an 21 Aibreán 2026. Bhain an nós imeachta leis an nós imeachta soláthair phoiblí oscailte le haghaidh 'Dearadh agus tógáil, feithiclí a fháil, agus seirbhísí cothabhála Líne Vialaite Mheitreo Liospóin', a bhí le dámhachtain ag Metropolitano de Lisboa, E.P.E. Bhí an tairiscint a thíolaic Mota-Engil ag brath ar Portugal CRRC, gnóthas ar le grúpa CRRC é, mar phríomh-fhochonraitheoir chun rothstoc agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar. D'aimsigh an Coimisiún fianaise go bhfuil fóirdheontais eachtracha ann i bhfoirm deontas rialtais, bearta cánach agus cúiteamh ó chonarthaí poiblí a sháraíonn an láimhdeachas a bhainfí amach i nós imeachta iomaíoch, trédhearcach agus neamhidirdhealaitheach, rud a chuir é ar a chumas do Portugal CRRC tairiscint bhuntáisteach a chur faoi bhráid an chuibhreannais faoi stiúir Mota-Engil agus, ina dhiaidh sin, a chuir é ar a chumas don chuibhreannais tairiscint a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi a thíolacadh, rud a shaobhann iomaíocht sa nós imeachta soláthair phoiblí. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní sin, gheall Mota-Engil Pojazdy Szynowe PESA Bydgoszcz Spółka Akcyjna ('PESA') na Polainne a chur in ionad Portugal CRRC ar feadh thréimhse iomlán fheidhmíocht an chonartha. Tráth an fhoilsithe, níor foilsíodh an leagan deiridh neamhrúnda den chinneadh lena ngabhann gealltanais go fóill.

I dteannta na ngrinn-imscrúduithe sin, dhearbhaigh an Coimisiún go raibh dhá thairiscint neamhchomhlíontach mar gheall ar aighneachtaí neamhiomlána.

- a) **Cásanna FSP.101606 agus FSP.101626 – Cinntí lena ndearbhaítear tairiscint a bheith neamhchomhlíontach** – Bhain na cinntí le Cás FSP.101606, lenar bhain tairiscint chun tollán fadraoin a thógáil i dtairiscint sa Pholainn, agus le Cás FSP.101626, lenar bhain tairiscint chun ríomhairí agus stáisiúin oibre a sholáthar i dtairiscint sa Fhrainc. Sa dá chás, d'eisigh an Coimisiún cinneadh lenar dearbhaíodh go raibh aighneachtaí na n-oibreoirí eacnamaíocha faoi seach neamhiomlán agus lenar ceanglaíodh orthu fógra iomlán a thíolacadh laistigh de 10 lá oibre. Ós rud é nár tugadh na fógraí sa dá chás chun críche laistigh den sprioc-am, i mí an Mhárta 2025 d'eisigh an Coimisiún cinntí lenar dearbhaíodh go raibh an dá thairiscint neamhchomhlíontach. I ndeireadh na dála, dhiúltaigh na húdaráis chonartha do na tairiscintí neamhchomhlíontacha agus eisiadh an dá oibreoir eacnamaíocha ó na nósanna imeachta soláthair phoiblí.

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún freisin réamhfhógra a iarraidh maidir le REAnna i nós imeachta soláthair phoiblí nach gcomhlíonann na tairseacha ábhartha, de bhun

Airteagal 29(8) RFE. Le linn na tréimhse athbhreithnithe, d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhacht den chéad uair.

- a) **Cás FSP.103175 – Iarraidh ar réamhfhógra** – Eisíodh an iarraidh sin i mí na Samhna 2025 agus cumhdaíodh léi dhá nós imeachta soláthair phoiblí a seoladh chun codanna éagsúla de mhótarbhealach sa Chróit a thógáil. Ós rud é nár chomhlíon an t-oibreoir eacnamaíoch ar ceanglaíodh air réamhfhógra a thíolacadh an oibleagáid tuairiscithe, d'eisigh an t-údarás conarthach ábhartha iarraidh don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann fógra a bhí in easnamh a thíolacadh de bhun Airteagal 29(3) RFE. I ndeireadh na dála, mheas an t-údarás conarthach go raibh an tairiscint 'neamh-inghlactha, míchuí agus do-ghlactha go teicniúil', agus d'eisiaigh sé an t-oibreoir eacnamaíoch ón nós imeachta.

2.2.3.2. Torthaí an athbhreithnithe

Léiríonn forfheidhmiú luath RFE ag an gCoimisiún go bhfuil an creat oiriúnach don fheidhm agus go gcomhlíonann sé a chuspóirí, agus go mbeadh tuilleadh mionchoigeartaithe úsáideach.

Tá sé cruthaithe go bhfuil an córas éifeachtúil, agus láimhseálann sé níos mó aighneachtaí ná mar a bhíodhas ag súil leis agus gan grinn-athbhreithniú á shaothrú aige ach i líon teoranta cásanna. I dteannta grinn-imscrúduithe, cásanna neamhchomhlíontacha agus iarraidh amháin ar réamhfhógra, léirítear éifeacht dhíspreagthach RFE i gcásanna inar tharraing oibreoirí eacnamaíocha siar ó nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus drogall orthu faisnéis a chomhroinnt maidir le REAnna a fuarthas, rud a chothaíonn iomaíocht níos cothroime.

Chomhlíon an Coimisiún sprioc-amanna dochta agus chuir sé réamh-athbhreithnithe i gcrích laistigh de 20 lá oibre d'ainneoin chastacht an chreata nós imeachta. Ghlac páirtithe leasmhara go dearfach leis sin, toisc gur neartaigh sé deimhneacht dhlíthiúil do ghnólachtaí agus gur thacaigh sé le seoladh rianúil nósanna imeachta soláthair. Thairis sin, cuireadh fáilte fhorleathan roimh threoraíocht chomhsheasmhach an Choimisiúin do na Ballstáit agus roimh rannpháirtíocht tráthrialta chuiditheach le páirtithe leasmhara, rud a chothaíonn soiléireacht agus comhar níos fearr i gcur chun feidhme an chreata.

Mar sin féin, tá dúshlán fós ann, go háirithe maidir le bearnaí feasachta i measc údaráis chonarthaigh agus neamh-fhógra ó oibreoirí eacnamaíocha. Leis an gcomparáid idir nósanna imeachta soláthair móra a fhoilsítear in Tenders Electronic Daily (TED)⁽²⁵⁾ agus iad siúd a bhfuil aighneacht RFE amháin ar a laghad acu, tugtar le fios go bhfuil laghdú ag teacht ar threocht chomhlíontachta le himeacht ama. Tar éis méadú mór ar fhógraí RFE ó 40 % go 70 % le linn an chéad dá bhliain den fhorfheidhmiú, thit an chomhlíontacht go 45 % ag deireadh 2025.

Thairis sin, áirítear ar na príomhábhair inní a chuir páirtithe leasmhara in iúl an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha, arna spreagadh, dar leo, ag oibleagáidí tuairiscithe leathana, tairseacha tuairiscithe casta agus foirmeacha tíolachta casta. Is minic a bhíonn comhduithe neamhiomlána mar thoradh ar dheacrachtaí maidir le REAnna a shainaithint agus a thuairisciú, rud a cheanglaíonn ar an gCoimisiún sonraí atá in easnamh a bhailiú le linn an réamh-athbhreithnithe. Is measa fós na spriocdhátaí dochta mar gheall ar an easpa sásra 'stad an clog', a chuireann brú ar mheasúnuithe, go háirithe i gcásanna casta.

(25) [TED - Tairiscintí AE, Forlíonadh ar Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh - TED.](#)

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le treoraíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar thrédhearcacht, míníonn páirtithe leasmhara i gcónaí go bhfuil gá le feabhas agus simpliú spriocdhírthe a dhéanamh ar an gcreat atá ann faoi láthair, chomh maith le trédhearcacht fheabhsaithe chun tacú le forfheidhmiú níos comhsheasmhaí agus le hintuarthacht níos fearr.

2.3. Forbairtí i gcórais rialúcháin fóirdheontais tríú tíortha

De bhun Airteagal 52(2) RFE, i gcomhthéacs a athbhreithnithe, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí sna caidrimh idirnáisiúnta a bhaineann le córais rialúcháin fóirdheontais tríú tíortha.

Dá bhrí sin, rinneadh measúnú freisin i Staidéar Athbhreithnithe RFE ar na forbairtí sna caidrimh idirnáisiúnta maidir le córais rialúcháin fóirdheontais tríú tíortha. Cuirtear torthaí na saincheiste i láthair ar bhealach níos mionsonraithe sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

Mar achoimre, léirítear san athbhreithniú ar na forbairtí sin nach ndearnadh aon fhorbairt ábhartha ar chórais rialúcháin fóirdheontais tríú tíortha ó glacadh RFE. Mar thoradh air sin, tá RFE fós ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh sa mhargadh inmheánach mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha, nach dtagann faoi shásraí cosanta trádála traidisiúnta an Aontais.

Tá sé tábhachtach i gcónaí, áfach, faireachán leanúnach a dhéanamh ar na forbairtí sin, go háirithe i bhfianaise beartais thionsclaíocha tríú tíortha atá ag teacht chun cinn agus i bhfianaise athchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar an leibhéal idirnáisiúnta.

3. MEASÚNÚ AR ÉIFEACHTACHT RFE

Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe, tá cuspóir foriomlán RFE fós bailí agus aithnítear go forleathan go rannchuidíonn RFE go dearfach le cothrom iomaíochta a chaomhnú sa mhargadh inmheánach.

I dtéarmaí coincheapa substainteacha RFE, thuairiscigh páirtithe leasmhara go raibh gá le deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht níos airde, rud a bhaineann de ghnáth le creat dlíthiúil nua a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún faoi roinnt tionscnamh chun coincheapa RFE a shoiléiriú, lena n-áirítear foilsiú Threoirlínte RFE le déanaí, foilsiú na leaganacha neamhrúnda de na cinntí críochnaitheacha a glacadh lena dtugtar a ghrinn-imscrúduithe i gcrích, nuashonruithe tráthrialta ar C&Fanna RFE agus foilsiú mhionteagaisc RFE. Leanfaidh an Coimisiún de bheith tiomanta do na cleachtais sin amach anseo. Tá coinne ag an gCoimisiún freisin go dtabharfaidh carnadh chleachtas cáis RFE níos mó soiléireachta do pháirtithe leasmhara agus go gcuirfidh sé le tuiscint níos fearr ar choincheapa sonracha RFE.

Leanfaidh an Coimisiún freisin de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus le húdaráis na mBallstát maidir le RFE.

Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe, ní fiú athruithe struchtúracha a dhéanamh ar RFE.

I gcomhréir le tosaíochtaí 2024–2029 an Choimisiúin, breathnaíodh san athbhreithniú freisin ar ualaí riaracháin ar ghnólachtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, sa phróiseas cur chun feidhme.

3.1. I ndáil le nós imeachta *ex officio* RFE

Bunaithe ar an athbhreithniú, aithnítear go forleathan ról agus cuspóir an nós imeachta *ex officio* faoi RFE.

Leis an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le dhá chás *ex officio* go grinn-athbhreithniú, de bhun Airteagal 10(3) RFE, tugtar tuilleadh léargais ar chur chuige an Choimisiúin agus measúnú á dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith saobhach.

I dtéarmaí na n-ábhar imní a chuir páirtithe leasmhara in iúl maidir le fad na n-imscrúduithe *ex officio*, tugann an Coimisiún dá aire gur féidir é sin a mhíniú den chuid is mó leis an leibhéal castachta i gcásanna aonair, le dúshlán bhreise a thugtar os comhair Chúirteanna an Aontais chomh maith le méid comhair na ngnóthas atá faoi imscrúdú.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach bhfuil gá le haon chéim láithreach maidir leis an nós imeachta *ex officio*. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí leas iomlán a bhaint as na nósanna imeachta sin nuair is gá chun a áirithiú nach mbainfidh fóirdheontais eachtracha shaobhacha an bonn den mhargadh inmheánach, d'iomaíochas an Aontais ná de shlándáil eacnamaíoch an Aontais. Leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí trédhearcacht a mhéadú agus léargais bhreise a sholáthar ina chur chuige le haghaidh cásanna *ex officio*, i gcomhréir leis na cleachtais a leagtar amach sa Tuarascáil seo agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi.

3.2. I ndáil le fógraí RFE le haghaidh comhchruinnithe

Mar a deimhníodh leis an athbhreithniú, tá an nós imeachta um fhógra *ex ante* le haghaidh comhchruinnithe fós ina uirlis forfheidhmiúcháin thábhachtach de chuid RFE, rud a chuireann é ar a chumas don Choimisiún fóirdheontais eachtracha shaobhacha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu i gcomhthéacs comhchruinnithe agus sula gcuirtear chun feidhme iad.

An tráth céanna, tugann an Coimisiún dá aire aiseolas na bpáirtithe leasmhara maidir leis an ualach riaracháin a bhaineann le bailiú sonraí REA chun fógra a thabhairt faoi chomhchruinnithe faoi RFE. Chun aghaidh a thabhairt ar an aiseolas sin, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an leagan amach nós imeachta chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus comhlíonadh a éascú, agus éifeachtacht RFE á coinneáil ar bun an tráth céanna.

Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith tiomanta trédhearcacht a áirithiú maidir le forfheidhmiú RFE, lena n-áirítear nuashonruithe ar na C&Fanna, mionteagaisc bhreise RFE ar phríomhábhair, agus foilsiú tráthúil faisnéise a bhaineann le cásanna.

3.3. I ndáil le fógraí i nósanna imeachta soláthair phoiblí

Mar a deimhníodh san athbhreithniú, is comhchuid thábhachtach de chreat RFE é an nós imeachta um fhógra *ex ante* a thabhairt maidir le soláthar poiblí, rud a chuireann é ar a chumas don Choimisiún fóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith saobhach a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu i nósanna imeachta soláthair phoiblí ardluacha freisin. An tráth céanna, is cosúil go léiríonn taithí luath ar fhorfheidhmiú in éineacht le haiseolas ó pháirtithe leasmhara go bhféadfadh na ceanglais chomhdaithe a bhaineann le tuairisciú REAnna, go háirithe ullmhú Foirm FS-PP agus an próiseas foluiteach chun faisnéis a bhailiú, ualach díreireach a chruthú d'oibreacha eacnamaíocha.

Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, agus éifeachtacht RFE á caomhnú an tráth céanna, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an leagan amach nós imeachta chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú agus chun comhlíonadh a éascú.

Go comhthreomhar, leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí feasacht agus comhlíonadh a neartú agus trédhearcacht a chleachtais forfheidhmiúcháin a fheabhsú, lena n-áirítear

gníomhaíochtaí for-rochtana d'údaráis chonarthacha, d'oibreoírí eacnamaíocha agus do chleachtóirí. Déanfaidh sé a idirphlé leis na Ballstáit a dhoimhniú a thuilleadh freisin trí mhalartuithe tráthrialta leis na pointí teagmhála náisiúnta agus le Grúpa Saineolaithe tiomnaithe RFE maidir le Soláthar Poiblí d'fhonn tuiscint chomhsheasmhach ar oibleagáidí RFE a áirithiú ar fud an Aontais.

4. CONCLÚID

Tá ról bunúsach agus lárnach ag RFE in iarrachtaí an Aontais aghaidh a thabhairt ar shaobhadh sa mhargadh inmheánach arb iad fóirdheontais eachtracha is cúis leis. Aithnítear go forleathan cuspóir foriomlán RFE, is é sin saobhadh sa mhargadh inmheánach de bharr fóirdheontais eachtracha a chosc, agus tá sé fós an-ábhartha. Cuirtear i dtábhacht i dtorthaí an athbhreithnithe tábhacht RFE agus deimhnítear leo gur éirigh le RFE comhchruinnithe ardriosca agus soláthairtí poiblí a ghabháil, mar a léirítear le cleachtas cáis an Choimisiúin agus leis na cinntí críochnaitheacha a glacadh le gealltanais faoi Chaibidlí 3 agus 4 RFE chomh maith lena imscrúduithe leanúnacha, tráth a fhoilsithe, faoin nós imeachta *ex officio*.

I bhfianaise an aiseolais ó na páirtithe leasmhara, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar thionscnamh nós imeachta RFE chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú agus chun comhlíonadh a éascú, agus éifeachtacht RFE á coinneáil ar bun an tráth céanna.

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí RFE a fhorfheidhmiú aon uair is gá chun cothrom iomaíochta a áirithiú agus chun an margadh inmheánach a chosaint ar fhóirdheontais eachtracha shaobhacha.